C/2025/5115

19.9.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12059 — PANDOX / SCANDIC / DALATA)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/5115)

1. An 11 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Pandox AB ('Pandox', an tSualainn),

— Scandic Hotels Holding AB ('Scandic', an tSualainn) atá faoi rialú Scandic Hotels Group AB (an tSualainn),

— Dalata Hotel Group plc. ('Dalata', Éire).

Gheobhaidh Pandox agus Scandic rialú comhpháirteach ar Ghnó Oibriúcháin Dalata agus gheobhaidh Pandox rialú aonair ar Ghnó Maoine Dalata de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 15 Iúil 2025 agus trí bhíthin conartha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta maoine óstáin é Pandox atá i láthair i dTuaisceart na hEorpa den chuid is mó.

— Is oibreoir óstáin é Scandic atá gníomhach sna tíortha Nordacha den chuid is mó.

— Is úinéir agus oibreoir óstáin é Dalata atá gníomhach go príomha sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Cuimsíonn Gnó Maoine Dalata maoin faoi úinéireacht Dalata agus maoin ruílse nó maoin léasach fada de chuid Dalata. Cuimsíonn an Gnó Oibriúcháin na sócmhainní agus na fostaithe chun gnó oibríochta óstáin Dalata a reáchtáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12059 — PANDOX / SCANDIC / DALATA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË